C/2025/4094

21.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(CÁS M.12056 – AEQUITA / LYONDELLBASELL INDUSTRIES HOLDINGS (PARTS OF EUROPEAN OLEFINS AND POLYOLEFINS BUSINESS))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4094)

1. An 7 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— AEQUITA Management SE (an Ghearmáin),

— codanna de ghnó Eorpach olaifíní agus pololaifíní LyondellBasell Industries Holdings B.V. ('LYB', an Ísiltír), atá comhdhéanta d'eintitis nua a dhéanfar a ionchorprú sna háiteanna éagsúla sa Spáinn, san Ísiltír, sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin (an Spáinn, an Ísiltír, RA, an Ghearmáin) agus a n-aistreofar codanna de ghníomhaíochtaí gnó LYB chuig na heintitis sin, chomh maith le Compagnie de Distribution des Hydrocarbures S.A.S (an Fhrainc), Basell Polyolefines France S.A.S. (an Fhrainc), Compagnie Petrochemique de Berre S.A.S. (an Fhrainc), agus LyondellBasell Services France SAS. (an Fhrainc), iad uile faoi rialú LYB (le chéile, an 'Spriocghnó').

Gheobhaidh AEQUITA Management SE, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú CLS Business.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta é AEQUITA Management SE, trína fhochuideachta AEQUITA SE & Co KGaA, atá gníomhach i raon earnálacha éagsúla ina leagtar béim ar thionscal na ngluaisteán,

— Tá Target Business gníomhach i monarú olaifíní agus pololaifíní trí láithreáin táirgthe sa Ríocht Aontaithe, sa Spáinn, sa Fhrainc agus sa Ghearmáin chomh maith leis na seirbhísí gaolmhara díolacháin, margaíochta agus tacaíochta san Ísiltír agus in áiteanna eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12056 – AEQUITA / LYONDELLBASELL INDUSTRIES HOLDINGS (PARTS OF EUROPEAN OLEFINS AND POLYOLEFINS BUSINESS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË